

# Suirbhé Chomhairle na hEorpa agus ALTE ar beartais d'inimircigh maidir le teanga agus eolas ar an tsochaí, 2018





## Príomhthreochtaí

Le deich mbliana anuas, tá níos mó ballstát de chuid Chomhairle na hEorpa i ndiaidh riachtanais fhoirmiúla a leagan síos i dtaca le teanga agus le heolas ar an tsochaí mar chuid dá mbeartais inimirce agus imeasctha.

I gcás fhormhór na mballstát, leagtar síos riachtanais fhoirmiúla i dtaca le teanga agus le heolas ar an tsochaí nuair a dhéanann inimircigh iarratas ar shaoránacht. I gcás leath na mballstát sin, is gá d’inimircigh na caighdeáin sin a bhaint amach chun ceart cónaithe a fháil – roimh theacht isteach i gcás aon triain.

Tá difríochtaí móra suntasacha idir ballstáit maidir leis an gcaighdeán teanga a éilítear.


Is annamh díolúine ó thástálacha ag grúpaí soghonta (daoine faoi aois, dídeanaithe, foghlaimeoirí ar bheagán litearthachta).

Úsáideann go leor ballstát tástálacha nach ndearnadh rialú cuí cáilíochta orthu. Is annamh a dhéantar iniúchadh ar thionchar tástálacha ar inimircigh.


Cuirtear deiseanna foghlama teanga ar fáil d’inimircigh i mbeagnach gach ballstát ach is minic a bhíonn an líon uaireanta a chuirtear ar fáil ró-íseal, go háirithe i gcás grúpaí soghonta.

## Riachtanais agus tástálacha

As na ballstáit sa suirbhé in 2018, bhí riachtanais le haghaidh saoránachta ag 78% díobh i dtaca le teanga agus/nó eolas ar an tsochaí. Ní raibh aon riachtanais dá leithéid ag 17% mar chuid dá mbeartas inimirce.



Idir 2007 agus 2018, tá níos mó tíortha i ndiaidh tús a chur le tástálacha teanga (gorm dorcha) agus tástálacha eolais ar an tsochaí (gorm éadrom), go háirithe ar mhaithe le cuspóirí saoránachta:



Léirítear riachtanais teanga nach mór i gcónaí mar leibhéal de chuid an FTCE (CEFR), ach is beag comhsheasmhacht atá idir ballstáit i gcás na leibhéil a éilítear ar mhaithe leis an aidhm chéanna.

## Deiseanna foghlama

I gcás cúrsaí teanga d'inimircigh, is minic gurb é an Stát a chuireann ar fáil iad agus is minic a bhíonn rialú cáilíochta i gceist leo. I bhformhór na gcásanna, áfach, ní fhaigheann inimircigh ach suas le 250 uair an chloig teagaisc sa teanga saor in aisce:

### An líon uaireanta teagaisc sa teanga a chuirtear ar fáil saor in aisce

	Gach foghlaimeoir (n = 24)	Foghlaimeoirí ar bheagán litearthachta (n = 22)
0-250	11	13
250-500	8	4
500-1000	4	2
1000-1500	1	2
2000-3000	0	1

Cuirtear cúrsaí maidir le heolas ar an tsochaí ar fáil in go leor ballstát. Formhór an ama, ní chuirtear ar fáil iad ach i dteanga oifigiúil de chuid na tíre óstaí.

Is beag ballstát a thugann go leor airde ar ghrúpaí soghonta ina mbeartais imeasctha: I gcás daoine faoi aois, is beag soláthar foghlama teanga atá ann lasmuigh den chóras éigeantach scoile, agus is annamh a fhreastalaítear ar shainriachtanais dídeanaithe agus foghlaimeoirí ar bheagán litearthachta.

### Moltaí

- ▶ Ó tharla gur dócha gur mhó an tairbhe a bhainfeadh le cúrsaí ná le tástálacha ó thaobh an imeasctha de, ba chóir go mbeadh deiseanna foghlama inrochtana agus inacmhainne ann do chách.
- ▶ Má úsáidtear tástálacha ar mhaithe le cúiseanna inimirce, ba chóir go mbeadh na caighdeáin is airde cáilíochta agus cothroime ag baint leo.
- ▶ Agus beartais inimirce agus imeasctha á ndearadh, ba chóir cúram faoi leith a dhéanamh de ghrúpaí soghonta.
- ▶ De bharr ceisteanna faoi chearta an duine, moltar go láidir gan riachtanais réamhiontrála a úsáid le haghaidh athaontú teaghlaiha.

## As na 47 mballstát i gComhairle na hEorpa, ghlac 40 páirt i suirbhé 2018:



Is iad na daoine seo thíos a bhí i mbun shuirbhé Chomhairle na hEorpa agus ALTE:

- ▶ Lorenzo Rocca  
(Università per Stranieri di Perugia)
- ▶ Cecilie Hamnes Carlsen  
(Western Norway University  
of Applied Sciences)
- ▶ Bart Deygers  
(Ghent University)

Aistriúchán:  
Aodh Ó Gallchóir  
(Ollscoil Mhá Nuad)

Íoslódáil an tuarascáil iomlán anseo:

**[www.coe.int/lang-migrants](http://www.coe.int/lang-migrants)**

© Comhairle na hEorpa, 2019

[www.coe.int](http://www.coe.int)

Is í Comhairle na hEorpa an phríomheagraíocht a phléann le cearta an duine ar an mór-roinn. Tá 47 mballstát aici, lena n-áirítear gach mballstát den Aontais Eorpaigh. Tá gach ballstát de chuid Chomhairle na hEorpa tar éis an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a shíniú, conradh a ceapadh chun cearta an duine, daonlathas agus forlámhas an dlí a chosaint. Déanann an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine maoirseacht ar fheidhmiú an Choinbhinsiúin sna Ballstáit.

COUNCIL OF EUROPE



CONSEIL DE L'EUROPE